



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	An Ghaeilge agus The Connacht Tribune (For Faith and Fatherland) ó 1909 go dtí Bunú an tSaorstáit
Author(s)	Mac Congáil, Nollaig
Publication Date	2009
Publication Information	Mac Congáil N. (2009) ' An Ghaeilge agus The Connacht Tribune (For Faith and Fatherland) ó 1909 go dtí Bunú an tSaorstáit', 'Journal of the Galway Archaeological and Historical Society' Vol. 60 206-22.
Item record	http://hdl.handle.net/10379/1450

Downloaded 2018-05-26T02:40:55Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



AN GHAeilGE

agus

THE CONNACHT TRIBUNE

(For Faith and Fatherland)

Ó 1909 GO DTÍ BUNÚ AN tSAORSTÁIT

Nollaig Mac Congáil

Tá stair fhada chasta ag baint le nuachtáin Bhéarla na tíre seo idir náisiúnta agus logánta, bíodh nuachtáin laethúla, nuachtáin tráthnóna, nuachtáin sheachtainiúla nó nuachtáin Domhnaigh i gceist. Is mó is iontach linn an scéal a bheith amhlaidh nuair a chuimhnítear nár tugadh faoi litearthacht sa Bhéarla a sholáthar ar bhonn náisiúnta go dtí bunú na Scoileanna Náisiúnta sa bhliain 1831.¹ Ní féidir léargas ceart a fháil ar stair na tíre seo le cúpla céad bliain anuas gan mionstaidéar a dhéanamh ar chuile ghné de cheist na nuachtán sin óir is iad na nuachtáin an fhoinsé eolais is cuimsithí maidir le sochaí na hÉireann. Tá sin ar shlí a ráite faoi stair na Gaeilge fosta. Tá staidéar déanta ar chuid de na nuachtáin Ghaeilge² ach rinneadh faillí sna nuachtáin Bhéarla ó thaobh na Gaeilge de. Tá cúpla cúis leis an neamart a rinneadh sna nuachtáin Bhéarla ag lucht taighde na Gaeilge: ní dhearnadh innéacs den ábhar Gaeilge iontu riamh, mar rud amháin, ó tharla go raibh siad taobh amuigh de théarmaí tagartha Risteáird de hAe i gcás *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge* agus, sa dara cás, tá an t-uafás ama, stró, sclábhaíochta agus taistil i gceist lena leithéid d’obair a chur i gcrích agus gan aon chinnteacht ann go minic go mbeidh toradh fóna ar an ransú sin i ndeireadh na dála.³

Bhí, agus tá i gcónaí, cinniúint na Gaeilge ag brath ar na meáin chumarsáide idir chlóite agus chraolta. Na meáin chlóite amháin is cás linn anseo. Aithníodh tábhacht na nuachtán i bhfad siar ach níor baineadh an leas ab fhearr astu ó thaobh na Gaeilge de ag

an am.⁴ Ag cruinniú tosaigh an Chumainn Ghaelaigh i gColáiste na Tríonóide, dúirt an Reachtaire:

*Today we have in the daily newspaper a weapon of the strength of which bygone days had not the faintest conception. The question of the Irish daily newspapers having Irish culture evident in their columns is a vital one. If the Irish revival is a failure, one of the causes contributing to its failure will be the Irish Press.*⁵

Ar an ócáid chéanna, chuaigh an tAire Earnán de Blaghd céim eile agus chuir sé an-bhéim ar thábhacht na nuachtán logánta:

*Mr. Blythe said... he thought it was the weekly country papers that exercised the greatest influence... In the matter of the Irish language I think the local newspapers particularly will be able to play an important part. It would not be very long until there were great areas of the country in which the majority of the people were able to read newspapers written in Irish.*⁶

Ní raibh Conradh na Gaeilge dall ar thábhacht na nuachtán Béarla i gcur chun cinn na Gaeilge ach an oiread óir ‘Bunaíodh an Coiste Bolscaireachta ar 21 Eanáir 1902 chun eolas faoin gConradh a chur chuig nuachtáin faoin tuath agus chun iarracht ar leith a dhéanamh colún i nGaeilge a fháil ar nuachtán amháin, ar a laghad, i ngach contae.’⁷

Ag éirí as sin, déanaimis staidéar ar nuachtán logánta amháin anseo, mar atá, *The Connacht Tribune*, atá lonnaithe i nGaillimh agus a níonn freastal ar chathair agus ar chontae na Gaillimhe, ó tháinig sé ar an tsaol go dtí bunú an tSaorstáit. Tá stair eile ar fad ag baint le stair na Gaeilge ar an nuachtán sin ó bhunú an tSaorstáit ar aghaidh, gan amhras, agus pléifear an chuid sin den scéal ar ócáid eile.

Seo a leanas an tuairisc faoi atá le léamh ar shuíomh idirlín *CT*.

THE CONNACHT TRIBUNE

Serving the West of Ireland Since 1909

The Tribune Story

The Connacht Tribune first hit the news stands on Saturday, May 22, 1909⁸ and has told Galway's story to its readers every week since then. Through two World Wars, the desperate struggle for

Independence, the hungry years of early Nationhood, from the booming 60s to the high tech 90s the Tribune has carried the story of the West and the growth of Galway...

We tell Galway's story every week and we tell it well. From Clifden to Portumna, from Glenamaddy to Kinvara, through every village and town in the County and in every street and housing estate in our beautiful City of Galway, the Tribune is read and read avidly.⁹

Ní miste cuimhneamh ar an fhíric seo a leanas le bhaineas le luathstair an nuachtáin: ‘*It was found that a very general demand existed for, not only a thorough-going county paper, but for a paper that would serve the whole of Southern Connacht.*’¹⁰

Sa naoú agus san fhichiú haois, gí nach raibh daonra ard i gcathair ná i gcontae na Gaillimhe, bhí an taobh sin tíre go maith as maidir le líon a chuid nuachtán. Liostaítear iad mar seo:

Connacht Sentinel 1925-, *Connacht Tribune* 1909-, *Connaught Champion* 1904 – 1911, *Connaught Journal* 1813 – 1840, *Connaught Leader* 1885 (?) – 1907, *Connaught Patriot* 1859-1869, *Connaught People* 1883-1886, *Galway Advertiser* 1970 - , *Galway American* 1862 - 1863, *Galway Express* 1853 – 1920, *Galway Free Press* 1832 – 1835, *Galway Independent Paper* 1825 – 1832, *Galway Mercury* 1844 – 1860, *Galway Observer* 1881 – 1966, *Galway Packet* 1852 – 1854, *Galway Patriot* 1835 – 1839, *Galway Pilot* 1883 – 1918, *Galway Press* 1860 – 1861, *Galway Standard* 1842 – 1843, *Galway Vindicator* 1841 – 1899, *Galway Weekly Advertiser* 1819 – 1843, *The Irishman* 1835 – 1835, *Warden of Galway* 1853 – 1853.¹¹

Is suntasach go raibh ceithre cinn eile de nuachtáin á bhfoilsíú i nGaillimh san am chéanna le *CT* sa tréimhse ama atá faoi chaibidil againn anseo, mar atá: *Connaught Champion* (1904 – 1911), *Galway Express* (1853 – 1920),¹² *Galway Observer* (1881 – 1966) agus *Galway Pilot* (1905 – 1918). Nuair a bhíonn ceist na Gaeilge i gcomhthéacs nuachtáin á scrúdú in am ar bith, caithfear claonadh polaitiúil an nuachtáin a fhiosrú.¹³ I gcás *CT*, nuachtán naisiúnaíoch a bhí ann.

Tá sé ar shlí a ráite anseo go raibh dhá nuachtán i gCo. Na Gaillimhe a sheas le fada roimhe sin leis an Ghaeilge, mar atá, an *Tuam News* (1871-1904)¹⁴ agus an *Tuam Herald* (1837-). Bheadh alt ar leith de dhíth le cuntas a thabhairt ar ról na beirte sin i stair saothraithe na Gaeilge ar nuachtáin Bhéarla agus b’fhéidir go ndéanfar sin amach anseo. Is leor a rá anseo, faoin am a tháinig *CT* ar an fhód, bhí deireadh leis an *Tuam News* agus

athspionadh ar sheanábharr Gaeilge (aistriúcháin cuid mhaith de) a bhí á fhoilsiú ar an *Tuam Herald* sa cholún *Bolg an tSoláthair*.

Gan amhras, d'imigh cuid de na nuachtáin thuasluaite sin ar shlí na firinne ó shin agus tháinig cinn eile ar an tsaol ina n-áit. Nuachtán logánta Béarla a bhí in *CT* agus d'fhoilsítí é in aghaidh na seachtaine, Dé Sathairn. Foilsíodh an nuachtán den chéad uair ar 22.5.09 ach níor bacadh leis an Ghaeilge ar *CT* go dtí 10.7.09.

Bhí áthas ar lucht Chonradh na Gaeilge go mbeifí ag saothrú na Gaeilge ar an nuachtán nua seo óir aithníodh nach raibh a gcion féin á dhéanamh ar son na Gaeilge ag nuachtáin na Gaillimhe roimhe sin:

PÁIPÉAR NUA

Táthar le páipéar nua do chur ar bun i gcathraigh na Gaillimhe. *The Connacht Tribune* a ainm. Beidh sé ag teacht amach i gcionn míosa agus gealltar dhúinn i n-a thaoibh go dtiubhraidh sé a ceart féin don Ghaedhilg agus dá mbaineann le haithbheochain na Gaedhilge. Ba mhór an sás a leithéad de pháipéar i gConndae na Gaillimhe agus go dtí seo ní mheasaim go raibh Conndae i nÉirinn a bhí chomh cailte leis i n-uireasbaidh páipéir do thiubhradh a cion féin do chúis na Gaedhilge agus d'oibreochadh ar mhaithe leis an tír fré chéile. Má éirigheann leis an bpáipéar nua so agus má ghníonn sé a ngeallann sé, déanfaidh sé leas mór ní amháin do Chonndae na Gaillimhe acht do Chúige Chonnacht ar fad. Acht má's mian leis an dream atá dá chur ar bun cúis na Gaedhilge do chur ar aghaidh, caithfidh siad i bhfad níos mó do dhéanamh 'ná mar atá dá d[h]éanamh ag stiúrthóiribh páipéir mhóir ar bith dá bhfuil i nÉirinn fá láthair. Níorbh' aon chabhair dhúinn giota beag Gaedhilge gach seachtain i bpáipéar le haghaidh muinntir na Gaillimhe. Ba chóir go ndéanfaidhe trácht ar chúrsaibh na tíre ó sheachtmhain go céile i nGaedhilg bhinn bhlasta le haghaidh na sluaigh mór i gConndae na Gaillimhe darab í an Ghaedhilg a dteanga c[h]oitcheannta. Tá súil agam gurab amhlaidh a bhéas an sgéal ag an bpáipéar nua agus má's eadh béidh fáilte is fiche ag Gaedhil Chonnacht roimhe.¹⁵

Foilsíodh an fógra seo a leanas ansin san eagarfhocal faoin teideal *Anam Tíre a Teanga*:

Ó'n tseachtmhain seo amach béidh roinnt ar leith dhe'n leathanach seo le haghaidh teangaidh na nGaedheal agus a lucht fóghlumtha. Béidh an obair seo faoi c[h]úram agus stiúrughadh scoláire Gaedhilg[e] c[h]omh eólasach ina húsáid is tá insa Chúige. Béidh cur síos air imtheachta an t-saoghail agus go háithrid air an saoghal Gaedhealach. Béidh gach uile líne de sgríobhadh i mbriarthuibh glan-Ghaedhilge Cúigidh Connachta; cainnt simplidhe tá ngnáth-úsáideach [sic!] ar aonach agus cois

teallaigh; so-léigte agus so-thuigthe. Is léir dúinn nach mór ná maith [a]tá ag éirghe lé cúis na Gaedhilg[e] i nGaillimh fá láthair, is cuma cé is ciontach leis an lagar do thuit ar na daoineibh, acht tá sin amhlaidh. Nílimid ag dul i gcomórtas lé duine ná dream daoine ar bith; nílimid ag iarraidh creideamhaint mar gheall ar an iarracht seo, níl uainn acht aigne na ndaoineibh d’iompughadh ó’n tseóinínteacht agus a n-aghaidh [a] thabhairt air a dtír féin. Lé é sin a dhéanamh dar linn nach bhfuil aon c[ha]oi níos feárr ná níos dírighe ná ár dteanga d[h]uthchais féin a c[h]uir fé réimh [sic!] arís ‘ar son Glóire Dé [&] onóra na hÉireann.¹⁶

Tá idir nóta dóchais agus éadóchais le sonrú san eagarfhocal sin. Ar thaobh an tsochair den scéal, cuimhnítear ar Ghaillimh an ama sin ó thaobh na Gaeilge de, áfach: an limistéar Gaeltachta ab fhairsinge sa tír i gContae na Gaillimhe (i bhfad níos fairsinge ná mar atá san am i láthair) agus tarraingt lucht foghlama na Gaeilge ar thobar sin an dúchais le fada an lá;¹⁷ Coláiste Gaeilge ar bun i dTamhain ón bhliain 1909 amach agus an dara Coláiste Chonnacht ar an Spidéal ón bhliain 1910 ar aghaidh; *An Stoc* ar an tsaol ó dheireadh 1917 amach; ábhar éigeantach déanta den Ghaeilge le haghaidh an mháithreánaigh sa bhliain 1910;¹⁸ scoláirí Gaeilge ag saothrú léann na Gaeilge san Ollscoil;¹⁹ craobhacha de Chonradh na Gaeilge²⁰ scaipthe ar fud na háite; Feis Chonnacht agus feiseanna logánta á reáchtáil in aghaidh na bliana srl. Níor bheag an chabhair iad sin go léir maidir le próifil na teanga sa chathair agus sa chontae a ardú.²¹ Agus, gan amhras, bhí feabhas ag teacht ar ionad agus ar thábhacht na Gaeilge sa chóras oideachais i gcoitinne le himeacht ama.²² Anuas air sin ar fad, de réir dhaonáireamh 1911, bhí an Ghaeilge ag 82.1% de mhuintir chathair na Gaillimhe.²³

Ar thaobh an dochair, bhí ré órga Chonradh na Gaeilge go náisiúnta ag trá;²⁴ d’imigh cuid den díograis; d’éirigh aighneas idir lucht an Chonartha;²⁵ bhí cúrsaí polaitíochta agus míleata go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ag tógáil aird na ndaoine; ní raibh litearthacht, cumas agus cleachtadh scríbhneoireachta sa Ghaeilge ag mórán daoine fásta sa taobh sin tíre, agus na daoine ab airde stádas agus ba mhó maoin agus cumhacht, ní cáil na Gaeilge a bhí orthu.

In alt a scríobh ‘Mac’ faoin teideal ‘The Gaelic League in Galway’ a foilsíodh sa bhliain 1907,²⁶ tugadh an cuntas diúltach seo a leanas ar scéal na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe.

In Gaelic League circles it might reasonably be supposed that the ancient capital of Connacht would lead the way as the pioneer centre of the Irish-Ireland movement in the West. It is very much to be feared, however, that this assumption would not be correct, for the capital of this most Irish-speaking province, which ought

naturally to be the fountain-head of the Gaelic spirit, does not rank as the first, nor even as one of the first few, of the Western strongholds of Gaeldom... Take the language itself. Unpleasant as is the confession, the learning of Irish is, undeniably, making but very poor progress.

Sa bhliain 1906, tháinig grúpa beag de Ghaeilgeoirí díograiseacha le chéile ar 13 Eanáir le droch-chás na Gaeilge i dtéarmaí praiticiúla i gcontae na Gaillimhe i gcoitinne a phlé. Seo a leanas mar a tuairiscíodh ar *The Galway Observer* (10.2.1906, 4):

The small number of branches of the Organisation in the county is one proof of the deplorable lack of practical interest manifested in the success of a movement which has already done so much to nationize Irish life, and which has won the admiration and enlisted the support of our kith and kin in other lands.

We feel that it is not [a] sufficient extenuating argument to say that the language still flourishes in our midst, and is in no danger of extinction, because granted that such is a fact, why should we hold aloof from an Organisation which is engaged in a work of National importance to which all patriotic Irish men and Irish women should extend a helping hand?

In many parts of our county, no doubt, Irish is generally spoken; yet even in those parts there is danger that the Anglicising blight may find its way unless actively guarded against, while, on the other hand, there are unfortunately districts in which our native tongue is rarely, or never heard...

The old people are gradually dropping away, and with them becomes extinct the charming tales, the stirring legends, the sweet songs and the beautiful poems of the bardic past, because, alas! the majority of the younger generation have apparently neither the inclination nor the taste, not to mention the patriotic feeling, which should prompt them to study in the traditional school. It was to encourage that study, and to preserve those relics, that the Gaelic League established the Oireachtas, and recommended provincial and parish Feiseanna; and that those functions have accomplished useful work no one can deny. A great deal, however, yet remains to be done, and nowhere, perhaps more than in the Irish-speaking districts of Galway. We therefore think that an effort should be made to deal with this and the other questions to which we have alluded in some systematic manner.

Le feabhas a chur ar scéal na Gaeilge i gContae na Gaillimhe, bheartaigh siad Coiste Contae a bhunú ‘*which would devote its attention to the all-important work of Organisation, and to the furtherance of the objects of the League.*’ Is iad na daoine a bhí taobh thiar den eagraíocht úr seo: A.J. Mac Consaidin, C.C., P.S. O Mothrain, C.C., Seamus O Beirn, M.B., Micheal O Maille agus Domhnall Ua Duibhne.²⁷ Socraíodh ag cruinniú i mí Feabhra, 1906 ‘*after careful deliberation it was unanimously resolved to establish a Coiste Conndae to be composed of two representatives from each affiliated*

*branch in the County.*²⁸ Cuireadh an eagraíocht ar bun agus bhíodh cruinnithe rialta in aghaidh na míosa acu as sin amach.

É sin uilig ráite, áfach, chuathas i gceann oibre go dóchasach dícheallach. Sna chéad bhlianta sin i saolré *CT*, thugtaí cuntas *as Béarla* ar bhunú craobhacha, ar a gcuid cruinnithe, ar fheiseanna móra (Feis Chonnacht, Feis Uí Mháine m.sh.) agus logánta, ar an chumann dátheangach, ar na coláistí Gaeilge – Tuar Mhic Éadaigh, Tamhain agus an Spidéal, ar aeraíochtaí, ar an Ghaeilge sna scoileanna náisiúnta. Díríodh ar chontae na Gaillimhe ach go háirithe gan ach corrthagairt a dhéanamh dá raibh ag tarlú sa chathair ó thaobh na Gaeilge de m.sh. Ard-Fheis nó Oireachtas. B'fhurast na cuntais ghearra sin a sholáthar ó tharla nach raibh aon ardchumas Gaeilge ná scríbhneoireachta riachtanach fána gcoinne agus, gan amhras, bhí a mbunús scríofa as Béarla. Rud eile de, chuidigh na cuntais sin le soiscéal na Gaeilge a scaipeadh i measc ghnáthmhuintir an chontae agus bolscaireacht a dhéanamh ar son na cúise lena linn – seift a bhí in úsáid go forleathan ag Conradh na Gaeilge le fada roimhe sin.²⁹

Maidir le hábhar fóirsteanach léitheoireachta as Gaeilge a sholáthar ar bhonn leanúnach (in aghaidh na seachtaine), sin scéal eile. Ansin arís, rinne siad iarracht chróga sna chéad bhlianta. I dtús ama, faoin teideal *Irish Ireland*, sholáthraigh Aibhistín Ó Caoimh³⁰ agus Pádraig Ó Fathaigh³¹ aistí Gaeilge don nuachtán ach níor mhair sin i bhfad. Bhíodh dileagra as Gaeilge anois is arís ann ó phearsa eaglaise³² agus scaití píosa ón Timire Gaeilge.³³ Níorbh fhiú a bheith ag brath ar phíosaí ócáideacha amháin, áfach, dá mbeifí ag brath ar bhonn ceart a chur faoi shaothrú na hiriseoireacha Gaeilge in *CT*. Mar sheift amháin, chaithfí ábhar a fháil a mhairfeadh cúpla seachtain agus ábhar réamhdhéanta fosta go minic a bhíodh i gceist leis sin chun an bhearna a líonadh. Gan amhras bheadh deacracht ann teacht ar ábhar a leanfadh thar chúpla seachtain ach féachadh leis. Mhair *Dún na nGaedheal* cúpla seachtain; mar an gcéanna le *Linn na mBradán* le Tomás Ó Colmáin agus dráma *Dónall Diagánta* le Lorcán Ó Tuathail.³⁴ Ní raibh an ceann deireanach iontach sásúil ó tharla go raibh sé á fhoilsiú go mírialta in aghaidh na míosa agus nár críochnaíodh riamh é. Míbhuntáiste mór a bhí san easpa Gaeilge den chineál sin ar an nuachtán ag an am. Ba nósúil ar nuachtáin Bhéarla an ama sin chan amháin sa tír seo ach i dtíortha eile chomh maith go bhfoilsítí leabhair nó stair srl. mar shraith ó sheachtain go seachtain agus, uaireanta, ó bhliain go bliain. Mar shampla, ar *CT* sna

blianta sin, lean an tsraith *Young Ireland* le Sir Gavan Duffy bliain i ndiaidh bliana (*ad nauseam*), *Sweet Briar Hill* le Walter Allen, *The Rise and Fall of the City of the Tribes* le Orbsen, *Shemus Dhu: the Black Pedlar* le Rev. M. Kavanagh, *The Wild Rose of Lough Gill* le Patrick Smyth, *Maureen Dhu: the Admiral's Daughter* le Mrs. J. Sadlier, cuimhní cinn B.N. Hedderman agus í ina banaltra ar Árainn³⁵ srl. Ní raibh scríbhneoirí ná iriseoir(í) Gaeilge acu ná ní raibh an gléas cúnta seo acu ach chomh beag. Má bhí iriseoirí maithe Gaeilge ann ag an am ar de thógáil na Gaillimhe iad, bhí siad ag saothrú a mbeatha in áit éigin eile. Mar shampla, bhí Eoghan Ó Neachtain as ceantar na bhForbacha tráth ina eagarthóir ar *An Claidheamh Soluis* agus ina dhiaidh sin ina eagarthóir Gaeilge ar an *Irish Independent*.³⁶ Bhí Seán Mac Giollarnáth, as ceantar Bhéal Átha na Sluaighe ó dhúchas, seal ina eagarthóir ar *An Connachtach*³⁷ agus ar *An Claidheamh Soluis*.³⁸ Bhí Tomás Ó Máille, as Muintir Eoin, sula ndeachaigh sé le hardléann na Gaeilge ina eagarthóir Gaeilge ar *The Freeman's Journal* agus ina dhiaidh sin ina eagarthóir ar *An Stoc*.³⁹ Bhí iriseoir mór Gaeilge eile ann as Contae na Gaillimhe, mar atá, Tomás Bairéad a bhí ag plé leis an *Irish Independent* agus ina dhiaidh sin leis an *Clare Champion*, ach ní raibh sé i méadaíocht agus ag saothrú a cheirde sa tréimhse ama atá faoi thrácht anseo. Agus, ar ndóigh, an t-iriseoir Gaillimheach ba bhisiúla agus ab oilte ar fad, mar atá, Pádraic Ó Conaire, ní fhacthas lorg a phinn ar *CT*.⁴⁰

Ní fhéadfaí a mhaíomh i gcónaí nach raibh fáilte roimh ábhar Gaeilge sna nuachtáin logánta mar a thugann Pádraic le fios sa phíosa seo a leanas:

*I am a provincial editor myself. I want pages of Irish-Ireland news. I would welcome columns of it by every post. Everything that interests Irish-Ireland interests me. I print Irish, and would print much more of it if I got it or had time to write it. But every day I have to go out and beg for Irish-Ireland news. I send requests for it far and wide, morning, noon and night. And lo, the people who, on the whole, take my entreaties most calmly, most leisurely, are branch secretaries and officials... I would urge Gaelic Leaguers to reconsider the provincial editor.*⁴¹

Baineadh leas as ábhar réamhdhéanta m.sh. *An Siota agus a Mháthair*,⁴² dánta as lámhscríbhinní srl. agus is léir nach raibh i gceist leo sin ach ábhar Gaeilge de chineál ar bith a sholáthar le spás a líonadh. Uaireanta bhíodh píosa béaloidis ann agus ba mhaith sin nó d'fhéadfaí teacht ar sheoda beaga thall is abhus, mar shampla, an phaidir bheag seo a leanas a bhreac T. Ó Colmáin⁴³ síos ó bhéalaithe Nicholas O'Brien ar an Spidéal. Seo cuid di:

*Ón doimhneas screadaim ort, a Thiarna!
Ó, a Thiarna, éist le mo ghlór
Is go dtugaidh Do chluas gheal aire do mo ghuibhe
Má bhreathnaíonn ar mo locht, a Thiarna,
Ó, a Thiarna, cé a leomhnas.....⁴⁴*

FAMOUS CONNACHT COLLEGE.



Staff of the Spiddal, Co. Galway, College (which has just closed its Summer Session).
Standing (let to right)—Dr. MacEnri, Seamus O Murchadha, M. O Droighneain,
Caitlin Nic Ghabhann, Pilib O Bhalldara, An tathair Mac Giolla Sheannaigh.
Seated (left to right)—Tomas Mac Domhnaill, Tomas O Colmain.

Taobh amuigh díobh sin, an Ghaeilge is minice a bhíodh ar an nuachtán téacs óráide a thugadh lucht na hAthbheochana ag ócáidí foirmeálta i gContae na Gaillimhe, ina measc, An Craoibhín Aoibhinn, An Píarsach, timirí, sagairt, easpaig. Ábhar réamhdhéanta a bhí ansin freisin ach ábhar spéisiúil go maith a bhí ann go minic. Bhíodh ábhar eile, as Béarla, i gcló ar *CT* a gcuirfeadh lucht na Gaeilge spéis ann, m.sh. ‘Sanitary Conditions in Irish-Speaking Districts’ leis an Dr. Séamus Ó Beirn⁴⁵ nó dán spráúil *The Williad* a scríobh Eoghan Ó Gramhna faoina mhadadh⁴⁶ nó alt tábhachtach ‘The Spirit of the Gaelic League’ le George Moonan⁴⁷ nó ‘The Language Movement and the Study of Old Irish’ le Julius Pokorny.⁴⁸

Chuaigh scéal na Gaeilge ar an nuachtán in olcas le himeacht ama. Ó cheann ceann 1913, cuir i gcás, ar éigean a bhí Gaeilge ar bith le feiceáil ach amháin clár feise nó clár an Oireachtais, nóta beag faoi chraobh de Chonradh na Gaeilge nó faoin Oireachtas. Bhí píosa fiúntach próis ann faoin Chraoibhín Aoibhinn⁴⁹ agus dán in onóir don Oireachtas.⁵⁰ Ba náirí sin an scéal nuair a chuimhnítear gur tionóladh An tOireachtas i nGaillimh i mbliain sin 1913 agus go raibh eagrán iomlán⁵¹ tógtha suas le tráchttaireacht ar an ócáid agus grianghraif – é uilig as Béarla. Leis an dlaoi mhullaigh a chur ar an scéal, ar leathanach na bhfógraí, bhí an ceann seo a leanas:

LOOK OUT

For the Latest Development in Irish Journalism

THE CLAUDHEAMH

(Illustrated)

It Will Interest YOU. It Will Interest Everybody.

*SUPERB PICTURES. LIVE NEWS. CRISP COMMENTS.*⁵²

Ní raibh aon cholún Gaeilge ann i 1912, 1913 ná i 1914.⁵³ Ag deireadh 1915, faoin teideal *Irish Ireland* bhí an píosa seo a leanas:

An Ghaedhilg

Is beag teach i gConndae na Gaillimhe a léightear an páipéar seo ann nach bhfuil tuigsint ag duine eicint ar Ghaedhilg ann (cé is moite de na bailtibh móra), agus is fada ó chéile teach ‘sa gConndae acht an oiread nach bhfuil duine ann atá i n-ann a bheag nó a mhór Gaedhilge a léigheadh. Dá bhrígh sin, féachfamuid le píosa beag Gaedhilge a chur i gclodh ó sheachtmhain go seachtmhain feasta.⁵⁴

Agus bhí píosa gearr Gaeilge ina dhiaidh ag *Gaedheal*, nós a lean go ceann míosa. Tosaíodh ar úsáid a bhaint as an cheanteideal *Ár dTeanga Féin* os cionn na bpíosaí Gaeilge ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus c. 300 focal a bhíodh sna píosaí céanna.⁵⁵ Cúrsaí feirmeoireachta, ceantair Ghaeltachta, seanfhocail srl. na hábhair a bhíodh i gceist sa cholún sin. Níor bhliain iontach í 1916 ó thaobh shaothrú na Gaeilge de ar an *CT* (ná in aon áit eile) agus rinne an colúnaí gearán nach raibh mórán spéise á léiriú ag muintir na Gaillimhe sa Ghaeilge níos mó gí gur cuireadh craobh nua den Chonradh ar bun i nGaillimh an bhliain roimhe sin.⁵⁶ Dála an scéil, tosaíodh ar úsáid a bhaint as *Sean-Ghaedhilgeoir* mar ainm an cholúnaí feasta agus is é an duine céanna seo a bhí ina chrann taca – agus é féin amháin d’fhéadfaí a rá - ag an Ghaeilge ar *CT* as sin go deireadh na bhfichidí.⁵⁷

Sean-Ghaedhilgeoir [Séamus Ó Maoldhia (1881-1928) - Mr. Seamus O’Mulloy, Clonboo, Drumgriffin].⁵⁸ Cainteoir dúchais as Cluain Bua, Eanach Dhúin, Co. na Gaillimhe a bhí ann a chaith a shaol ag teagasc na Gaeilge agus páirteach i gcúrsaí polaitíochta leis an *United Irish League*.⁵⁹ Luann sé in alt leis cuid dá (dhuais)iarrachtaí scríbhneoireachta:⁶⁰

Galway Feis 1898, essay on ‘The Condition of Rural Connacht Prior to the Great Famine of ’47’; Galway Feis 1910, essay; Galway Feis 1902, essay; Mayo Feis 1903, essay on ‘The Penal Days’; essay on ‘Dr. MacHale’; translations of Rooney’s ‘Men of the West’; original poem on ‘The Races of Castlebar’; Belmullet Feis 1904, original ode on the Belmullet Feis; Connacht Feis 1904,⁶¹ historical essay, ‘The Siege of Limerick’; essay (non-historical), original story (probably about ghosts); Mayo Feis 1905, original poem on Dr. MacHale; Connacht Feis 1906, essay on Fr. Growney; a two act play (scene laid in an Irish-speaking district in the West of Ireland); original story (about tinkers).⁶²

Foilsíodh cnuasach dá chuid dánta agus amhrán ina dhiaidh sin faoin teideal *Dánta agus Amhrán* (1940).⁶³



MR. SEAMUS O'MULLOY, Clonboo, Drumgriffin, who writes delightfully idiomatic Irish on topical subjects every week in our columns under the pen-name "Sean Ghaedhilgeoir."

Ní raibh aon cholún Gaeilge ar an *CT* ar feadh naoi mí sa bhliain 1917 ná iomrá ar rud ar bith a bhain le cúrsaí Gaeilge, féadaim a rá.⁶⁴ Ag tarraingt ar dheireadh na bliana, chuathas i gceann na Gaeilge arís.

Ar gColumhan Gaedhilge

Mar gheall ar chomh gann is chomh daor is tá páipéar ar feadh an chogaidh uathbhásaigh seo, agus de bhrígh go mb'éigin dúinn an *Tribune* a laghdughadh go dtí n-a leath le goirid, níor chuireamar aon Ghaedhilge i gclodh le tamall anois. Níor mhaith linn an Ghaedhilge a bhrughadh amach dá mbeadh neart againn air, agus tá súil againn go ngabhfaidh lucht a léighthe ár leithscéal, mar tá an saoghal ag dul go cruaidh ar lucht páipéar nuaidheachta fó láthair.

Tá sé de rún againn giota beag Gaedhilge a chur asteach feasta ó sheachtmhain go seachtmhain – nó chomh minic agus is féidir linn, ar chaoi ar bith. Tá na céadta de léightheoiridhe an pháipéir seo i n-ann Gaedhilge a léigheadh, agus, dár ndóigh, badh mhaith leo beagán Gaedhilge a fhágháil innti ó am go h-am.

Cuirfimid síos ar chúrsaidhe an tsaoghail i nGaedhilge mhaith, shimplidhe agus tráchtfamuid anois is arís ar chúis na teangan féin 'sa gConndae. Agus má tá duine ar bith a bhfuil píosa maith Gaedhilge aige nár cuireadh i gclodh cheana – sean-scéal nó scéal úr, dán nó abhrán, sean-fhocla, paidreacha nó píosa seanchuis – agus gur mian leis a chur os cómhair an phobail, cuireadh sé chuig scríbhneoir an cholumhain seo é, fó chúram an Eagarthóra, agus bhéaramuid do'n tsluagh é. Ní'l aimhreas ná go bhfuil sean-phíosaidhe maithe Gaedhilge ar fud na Conndae fós nár cuireadh i leabhar ná i bpáipéar ariamh, agus badh é an truaighe a leigeann amugha agus an tóir atá ag íseal is uasal ar an teangain fó láthair.⁶⁵

Sean-Ghaedhilgeoir

Ar an tSean-Ghaeilgeoir a thit colún na Gaeilge as sin amach. Bhí an colún ag cur go maith leis an chineál duine a bhí ann agus lena chuid réimsí spéise. Bhí trácht ann ar chúrsaí feirmeoireachta, ar na séasúir, aistriúcháin ar dhánta agus amhráin Bhéarla, seanfhocail Chonnacht⁶⁶ agus, le himeacht ama agus de réir mar a bhí tábhacht ag teacht le cúrsaí Gaeilge sa tír i gcoitinne i gcosamar a raibh ag tarlú ó thaobh na polaitíochta de, ceist na gcanúintí, an litriú nua, Gaeilge na Gaeltachta agus Gaeilge mhaide srl.

Aon duine amháin féadaim a rá a sheas fód na Gaeilge ar an *CT* i rith na mblianta sin ar fad. Gaeilgeoir agus díograiseoir Gaeilge a bhí ann níos mó ná iriseoir Gaeilge agus tá a shliocht ar a cholún Gaeilge. Dá mbeifí ag súil go mbeadh rath ar na colúin Ghaeilge ar nuachtáin Bhéarla na hÉireann idir logánta agus náisiúnta, chaithfí teacht ar iriseoirí Gaeilge gairmiúla a mbeadh rud fóna le rá acu a mheallfadh léitheoirí seachas ábhar

Gaeilge de chineál ar bith a scríobh ar mhaithe le bolscaireacht ar son chúis na Gaeilge. Níl rud is fearr a d'fhéadfaí a dhéanamh ná aithris a dhéanamh ar phíosa a scríobh Séamus Ó Grianna, fear a chaith blianta fada ag scríobh as Gaeilge agus as Béarla d'irisí agus do nuachtáin, ar an téad seo.

Many newspapers and magazines give a column now to Irish. And invariably in this column, one finds the same kind of stuff - something about the language - how to revive it, methods of teaching, Gaelic classes and branches, simplified spelling, Roman type and Gaelic etc. These are the things Irish writers think it their duty to put in the Irish column. When shall we realise that we shall never revive the language by writing about it? The ordinary reader does not care a brass button about what Kuno Meyer says about this or Father Toal about that. The ordinary reader wants news. He gets the paper to see the news. Give him the news in Gaelic and he will soon read it. We should boldly take it for granted that Irish is the language of Ireland and not be writing in a half-apologetic tone that it ought to be revived because of its importance - because it was spoken by Pádraig, Brigit and Colum Cille. There is only a small, very small percentage of the people who are prepared to live for Ireland. And hence there is no use asking them to save the language because of its connection with nationality. Nationality be damned if it imposes on us any severer duties than those already placed on our shoulders. ... There is nothing to be gained by writing about Irish in the Gaelic columns as only the revivalists - who are already saved - will read such. We must give the ordinary news in Irish. Public bodies should conduct their work in Irish and report their proceedings in Irish. Newspapers should publish other things in Irish besides meetings of the Feis committees or articles on phonetics. It is the ordinary reader we want to catch. Place before him in Irish accounts and descriptions of the things that interest him and he will soon make it his business to discover what it means.⁶⁷

[Foilsíodh an aiste seo ar an *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society* Vol. 60 (2009) 206-22.]

¹ F.S.L. Lyons, *Ireland Since the Famine* (Fontana Press, 1985) 88 ff. Maíonn Diarmaid Ferriter in *The Transformation of Ireland 1900-2000* (Profile Books, 2004) 90: 'There had been a rise in literacy levels from 33 per cent in 1851 to 84 per cent in 1911.'

² Mar shampla *Fáinne an Lae, An Claidheamh Soluis, An t-Éireannach* srl.

³ I mo chuid taighde féin le blianta anuas, tháinig mé ar ábhar fairsing agus tábhachtach Gaeilge ina luí i nuachtáin Bhéarla idir náisiúnta agus logánta le Tomás Ó Criomhthain, Eibhlín Ní Shúilleabháin, Séamus

Ó Grianna, Seosamh Mac Grianna, Fionn Mac Cumhaill, Seán Bán Mac Meanman srl. nach raibh a fhios a dhath fúthu roimhe sin.

